# Oiriúnú do COVID-19 in 2020

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Tacú le gnóthaí agus ioncaim a chosaint

Le tosú COVID-19, chuir na Coimisinéirí Ioncaim leis an iarracht náisiúnta chun beatha agus slite beatha a chosaint. D'úsáid muid ár saineolas oibríochtúil agus creatlach ár gcóras TF chun tacaíochtaí criticiúla a sheachadadh do dhaoine aonair, fostóirí agus gnóthaí eile go tapa agus go héifeachtúil.

### Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá

**€2.8bn in íocaíochtaí**
**664,500 fostaithe**
**66,600 fostóirí**

### Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta

**€1.42bn in íocaíochtaí**
**443,100 fostaithe**
**39,800 fostóirí**

### Scéim Tacaíochta Sriantaí COVID

**€146m in íocaíochtaí**
**16,600 gnó**
**19,000 áitreabh**

### Stórasú Fiachais

**€1.9bn i bhfiachais stórasaithe do 70,000 gnó**

### Tosaíocht tugtha d'Aisíocaíochtaí

**253,726 aisíocaíocht CBL eisithe ar luach €5.4bn, suas 5% ó 2019**

### Brostú ar Fhaoiseamh i leith Caillteanais

**Éilimh eatramhacha ó 184 cuideachta ar fhaoiseamh €58m**

### Bearta Tacaíochta Eile

- **Aisíocaíochtaí eatramhacha CISG brostaithe**
- **Rochtain luath ar chreidmheasanna T&F iníoctha**
- **Mórán idirghabhálacha comhlíontachta allamuigh curtha ar fionraí**
- **Síneadh ama curtha le himréiteach cánach reatha**
- **Rátaí úis laghdaithe ar fhiachas neamh-COVID-19**
- **Síneadh curtha le spriocdhátaí Íoca & Tíolactha**
- **Ráta nialasach CBL ar threalamh cosanta pearsanta**
- **Faoiseamh ó dhleachtanna iompórtála agus CBL a íoc i leith earraí a iompórtáil chun dul i ngleic le COVID-19**
- **'Ródú Glas' Custam tugtha do tháirgí cógaisíochta agus cógais chriticiúla**

## Nuáil a dhéanamh agus seirbhísí riachtanacha á gcothabháil

Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim go réidh agus go tapa le dúshláin 2020. Agus formhór na mball foirne ag obair ón mbaile, leanadh le seirbhísí riachtanacha a sholáthar agus a fheabhsú ar an láthair agus go seachtrach, agus cuireadh tacaíocht ar fáil do ghníomhaireachtaí eile.

### Obair ó Chian

Oibríonn breis agus **4,000** ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ón mbaile go rialta agus seirbhísí do cháiníocóirí á gcothabháil acu.

### Calafoirt & Aerfoirt

Choinnigh **676** ball foirne láithreacht leanúnach ag Calafoirt agus Aerfoirt na hÉireann ag cabhrú le hiad a choinneáil ar oscailt.

### Ionaid Sonraí & Phriontála

Choinnigh **77** ball foirne inár nIonaid Sonraí & Phriontála seirbhísí riachtanacha ag rith do na Coimisinéirí Ioncaim agus do ghníomhaireachtaí eile Stáit.

### Tacú leis an FSS

Cuireadh **150** ball foirne ag obair le tacú le hiarrachtaí rianaithe teagmhála an FSS

### Feabhsaithe ar M'Fhiosruithe

Féadfaidh custaiméirí stádas a gcuid fiosruithe agus a gcuid éileamh a thíolactar trí M'Fhiosruithe a sheiceáil láithreach.

### Amanna Freagartha Níos Tapúla

50% níos mó fiosruithe ar M'Fhiosruithe i gcomparáid le 2019, ach tugadh freagraí in 5 lá níos lú le linn buaicthréimhsí.